# Droichead - Tacú le Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) maidir le Cruinnithe Tuismitheoirí is Múinteoirí - Iar-bhunscoil

Is é an cuspóir atá le Cruinniú Tuismitheoirí is Múinteoirí (CTM) dea-chaidreamh oibre a chinntiú idir an tuismitheoir agus an múinteoir chun na torthaí foghlama is fearr a bhaint amach don scoláire. Tugann CTManna deis comhpháirtíocht a fhorbairt idir an baile agus an scoil..

*“The collaboration, interaction and communication between parents, guardians, educators and partners in duration in Ireland remains of vital importance in positively impacting on education, development and general wellbeing of young people in the post-primary education system.”* (Mai Fanning, Uachtarán, Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iar-bhunoideachas).

**Ullmhú do CTM**

- Faigh amach cén leagan amach a bheidh i gceist leis an CTM (ar líne nó i láthair go pearsanta).
- Bíonn formhór na gcruinnithe gearr; mar sin, déan nóta de na rudaí ar mhaith leat labhairt leis an tuismitheoir fúthu.
- Níl cuimhní dearfacha ag gach tuismitheoir ar an scoil agus b’fhéidir go bhfuil imní orthu fós faoina laethanta scoile féin agus iad ag freastal ar CTM.
- Déan teagmháil le tuismitheoirí ar bhealach tuisceanach, tacúil agus gairmiúil.
- Cuireann aithne ar an scoláire agus cumarsáid dhearfach go mór leis an gcaidreamh idir an scoil agus an baile.
- Bíodh sampla d’obair an scoláire nó cóip de thionscadal a rinneadh le gairid agat.
- Seachain acrainmneacha agus caint an mhúinteora – b’fhéidir nach mbeidh cur amach ag roinnt tuismitheoirí ar acrainmneacha (bain leas as téarmaíocht sothuigthe).
- Cur chuige an cheapaire — tosaigh le rud éigin dearfach, ansin luaigh réimse ina bhféadfadh an scoláire níos mó oibre a dhéanamh, agus críochnaigh le rud éigin dearfach.
- Cuimhnigh gur tusa an múinteoir agus gur tusa atá i gceannas ar an gcruinniú. Má shíleann tú nach bhfuil ag éirí go maith leis nó nach bhfuil an cruinniú fiúntach a thuilleadh, mol glao gutháin leantach níos faide anonn.


CC BY NC

| | |
|---|---|
| **Dul Chun Cinn Acadúil** | Bíodh taifead agat ar na marcanna a gnóthaíodh i measúnuithe Samplaí de shaothar: tá tionscadail a rinneadh le déanaí úsáideach mar thacaíocht le tuairim(í) |
| **Riachtanais Bhreise** | An bhfuil riachtanas foghlama ag an scoláire seo?<br>Má tá, conas atá tú ag dul i ngleic leis an riachtanas sin?<br>Cad a d'fhéadfadh an tuismitheoir a dhéanamh sa bhaile?<br>Cad iad na hacmhainní atá ar fáil don tuismitheoir? |
| **Tinreamh** | Coinnigh gach taifead tinrimh<br>Cá mhéad rang de do chuidse a raibh/nach raibh an scoláire seo i láthair acu? (sonraí ar fáil ar chóras na scoile)<br>An bhfuil cúrsaí tinrimh ag cur isteach ar fheidhmíocht an scoláire?<br>Coinnigh taifid ar aon tarlú sa seomra ranga |
| **Cumarsáid** | An ndearna tú cumarsáid leis an tuismitheoir seo cheana féin? B'fhéidir go ndearna trí nótaí sa dialann obair bhaile, tuairiscí dul chun cinn/téarma, obair bhaile nó trialacha sínithe, próifíl an scoláire ar an gcóras TF |
| **Beartas na Scoile** | Bí eolach ar bheartas na scoile maidir le CTManna.<br>Bí feasach ar nósanna imeachta maidir le buarthaí na dtuismitheoirí, mar shampla an gá atá le haistritheoir |
| **Láidreachtaí** | Cad iad na láidreachtaí atá ag an scoláire seo agus cad iad na dúshláin atá roimhe/roimpi? An bhfuil an scoláire seo ag comhlíonadh a c(h)umais? |
| **Daoine ar Leith** | B'fhéidir gur ghá cumarsáid a dhéanamh le cuid de na daoine seo a leanas, nó leo uile, roimh an CTM, le linn an CTM nó tar éis an CTM: Teagascóir Ranga, Ceann Bliana, Múinteoir RSO, Comhairleoir Gairmthreorach, Foireann Tréadchúraim, Leas-Phríomhoide, Príomhoide Cuir an méid seo a leanas san áireamh freisin:<br>An múineann tú níos mó ná ábhar amháin don scoláire?<br>An tusa an cóitseálaí peile, múinteoir cóir, múinteoir seach-churaclaim? |

## Ábhar Imní

| Social | Behavioural | Academic | Preparation |
|---|---|---|---|
| An gcuireann an scoláire leis an rang ó thaobh cainte de? | An bhfuil plean suíochán i do rang? | An nglacann an scoláire páirt sa rang/an gcuireann an scoláire ceisteanna sa rang? | An mbíonn an scoláire sa rang in am? |
| An nglacann an scoláire páirt in obair ghrúpa? | An mbíonn an scoláire dírithe ar an tasc? | An ndéanann an scoláire a (h)obair bhaile de réir chaighdeán comhaontaithe an ranga? | An mbíonn an scoláire ullmhaithe don rang? An bhfuil an trealamh ar fad ag an scoláire - leabhair, pinn, fillteáin, etc.? |

## Teimpléad de Thaifead i gcomhair Cruinniú Tuismitheoirí is Múinteoirí

| **Ainm an scoláire:** | **Ábhar scoile:** |
|---|---|
| | |
| **Ainm an mhúinteora:** | **Dáta:** |
| | |
| **Tinreamh:** | **Tuairimí/gráid mheasúnachta:** |
| | |
| **Iompraíocht sa seomra ranga:** | **Réimsí ina bhfuil níos mó oibre ag teastáil:** |
| An mbíonn sé/sí sa rang in am?<br>Bíonn/ Ní bhíonn /Uaireanta<br>An mbíonn sé/sí eagraithe don rang??<br>Bíonn/ Ní bhíonn /Uaireanta<br>An ndéanann sé/sí caidreamh leis an múinteoir?<br>Bíonn/ Ní bhíonn /Uaireanta<br>An dtéann sé/sí i ngleic leis an gceacht?<br>Téann/ Ní théann /Uaireanta | |

| | |
|---|---|
| An nglacann sé/sí páirt in obair ghrúpa?<br>Glacann/ Ní ghlacann/ Uaireanta | |
| **Straitéisí chun dul ar aghaidh::** | **Tacaíochtaí iarscoile ar fáil:** |
| | |
| **Eile:** | |